**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2022/2081(DEC)**

24.1.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh 2021: Buiséad ginearálta an Aontais - an Coimisiún (2022/2081(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Carina Ohlsson

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú go bhfuil an smacht reachta, bunluachanna an Aontais agus an urraim do chearta an duine i dtíortha is faighteoirí leabaithe sna bunghníomhartha An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) agus An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI); á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a mhodhnú i gcás ina bhfuil gá leis sin de dheasca bagairtí ar an daonlathas, ar an smacht reachta, ar chearta an duine nó ar shaoirsí bunúsacha;

2. á iarraidh go dtabharfaí tosaíocht níos mó don chomhrac i gcoinne an éillithe i gcaibidlíochtaí réamhaontachais agus go ndíreofaí ar fhothú acmhainneachta; á iarraidh ar an gCoimisiún comharthaí soiléire a thabhairt do na tíortha is iarrthóirí go bhfuil frithfhreagairt i gcoinne caighdeáin maidir leis an smacht reachta ag cur a n-aontachais leis an Aontas i mbaol nó ag cur moill leis; á chur in iúl gur oth léi gurb amhlaidh, de réir Thuarascáil Speisialta Uimh. 01/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, gur bheag an tionchar ar athchóirithe bunúsacha a bhí ag an tacaíocht airgeadais dar luach EUR 700 milliún a sholáthar an tAontas idir 2014 agus 2020 chun feabhas a chur ar an smacht reachta sna Balcáin Thiar; á iarraidh ar an gCoimisiún comharthaí soiléire a chur chuig na tíortha sin is iarrthóirí ina bhfuil frithfhreagairt i gcoinne chaighdeáin an smachta reachta - lena n-áirítear srianta ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse an phreasa, cearta na mban agus cearta mionlach, ciapadh ENRanna agus cosantóirí chearta an duine - ag cur ar a n-aontachais le AE i mbaol nó ag cur moill leis; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcistí a chaitear chun feabhas a chur ar staid an smachta reachta sna tíortha aontachais agus tuarascáil a thabhairt do Choiste AFET agus do Choiste CONT;

3. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt go bhfuil an riosca earráide ard i gcónaí sa cheannteideal sin sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), inter alia, mar gheall ar chaiteachas nár tabhaíodh agus earráidí soláthair phoiblí;

4. á chur in iúl go bhfuil sí go láidir den tuairim gur cheart leas airgeadais AE a chosaint laistigh de AE agus lasmuigh de AE ar an gcaoi chéanna, agus á mheas, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún níos mó béime a chur ar na cistí a chaitear i dtíortha nach bhfuil in AE chun a fhíorú go gcaitear na cistí sin i gcomhréir le rialacha Eorpacha agus gan calaois ná éilliú a bheith bainteach leo, agus chun a dheimhniú an rannchuidíonn siad le spriocanna bheartas forbartha agus seachtrach an Aontais; á mholadh smachtbhannaí a bheith ann agus go gcuirfí tacaíocht bhuiséadach ar fionraí i dtíortha nach bhfuil in AE i gcás inar follasach go mainníonn na húdaráis náisiúnta go soiléir fíorghníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne éilliú forleathan, agus a áirithiú san am céanna go dtugtar an cúnamh don phobal sibhialta trí bhealaí malartacha;

5. ag tabhairt dá haire gur aontaigh Parlaimint na hEorpa tríd is tríd in 2021 le húsáid chúlchiste buiséadach NDICI le haghaidh na dtosaíochtaí polaitiúla arna saothrú, go háirithe chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne na paindéime; á mheabhrú go bhfuil an pacáiste airgeadais do dhídeanaithe ón tSiria fós ina riachtanas práinneach a bhféadfaí a

bheith ag súil leis; á áitiú gur cheart aon chistiú ón gcúlchiste éigeandála a úsáid go príomha le haghaidh imthosca gan choinne; á iarraidh go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ann chun an pacáiste airgeadais do dhídeanaithe ón tSiria a chistiú;

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur scriosadh tionscadail a bhí á gcistiú ag an Aontas sa Bhruach Thiar agus gur glacadh seilbh orthu; á mheabhrú gur ann do sheasamh na Comhairle lena gcuirtear in iúl go ndéanfaidh sí a dícheall a áirithiú go gcuirfear in iúl ar bhealachríshoiléir agus sainráite i ngach comhaontú idir Iosrael agus an tAontas Eorpach nach bhfuil feidhm ag na comhaontuithe sin maidir leis na críocha atá faoi fhorghabháil Iosrael ó 1967 i leith agus, chomh maith leis sin, go leanfaidh sí de reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus na socruithe déthaobhacha is infheidhme maidir le táirgí lonnaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach;

7. ag aithint an róil lárnaigh atá ag Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) maidir le seirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil do dhídeanaithe ón bPalaistín; ag moladh thorthaí an staidéir ar leabhair scoile na Palaistíne a rinne Institiúid Georg Eckert ina léirítear pictiúr casta, lena ndeimhnítear go gcloíonn siad le caighdeáin UNESCO agus go nglacann siad critéir atá feiceálach sa dioscúrsa idirnáisiúnta oideachais, lena n-áirítear béim láidir ar chearta an duine, agus ag an am céanna eascairdeas i leith Iosrael a thaispeáint i gcomhthéacs na coinbhleachta idir Iosrael agus an Phalaistín;

8. á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar Chód Cleachtais an Choimisiúin maidir le Bréagaisnéis; á chur i bhfáth nach mór do AE cur le hinfheictheacht a chuid gníomhaíochtaí trína chuid gníomhaíochtaí seachtracha a chur in iúl ar bhealach níos fearr agus níos straitéisí dá shaoránaigh féin agus níos faide i gcéin;

9. ag moladh go láidir na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an tsochaí shibhialta ar fud an domhain chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, go háirithe tráth a bhfuil spás na sochaí sibhialta ag laghdú agus a bhfuil uilíochas chearta an duine á cheistiú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfeabhsóidh a chúnamh comhair tacaíocht don tsochaí shibhialta, go háirithe cosantóirí chearta an duine, pobail dhúchasacha, agus pobail thraidisiúnta;

10. ag moladh an chinnidh ón gCoimisiún EUR 30 milliún breise a shlógadh chun athléimneacht agus acmhainneacht mhuintir na Bealarúise atá thíos leis an ngéarchéim pholaitiúil a neartú tuilleadh chun athruithe daonlathacha a chur chun cinn sa Bhealarúis.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 56<br>–: 5<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Reinhard Bütikofer, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, Jean-Lin Lacapelle, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Thierry Mariani, Pedro Marques, Marisa Matias, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Matjaž Nemec, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Özlem Demirel, Markéta Gregorová, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Carina Ohlsson, María Soraya Rodríguez Ramos |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manon Aubry, Damien Carême, Theresa Muigg, Younous Omarjee, Ivan Štefanec |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 56 | + |
|---|---|
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Radosław Sikorski, Ivan Štefanec, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Salima Yenbou |
| S&D | Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Karsten Lucke, Pedro Marques, Sven Mikser, Theresa Muigg, Matjaž Nemec, Carina Ohlsson, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Sergei Stanishev |
| The Left | Manon Aubry, Özlem Demirel, Marisa Matias, Younous Omarjee |
| Verts/ALE | Reinhard Bütikofer, Damien Carême, Markéta Gregorová, Erik Marquardt, Jordi Solé, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Charlie Weimers |
| ID | Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok |
| NI | Kostas Papadakis |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga |
| ID | Susanna Ceccardi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh